



Celtic Interconnector

La liaison électrique entre la France et l'Irlande
Connecting the electricity grids of Ireland and France

Achoimre ar an Tionscadal

Le tionscadal an idirnascaire Cheiltigh cruthófar idirnascaire leictreachais idir Éire agus an Fhrainc chun malartú leictreachais idir an dá thír a éascú. Déanfaidh an nasc an fostáisiún leictreachais atá ann faoi láthair i gCnoc Rátha (in oirthear Chorcaí) a cheangal leis an bhfostáisiún in La Martyre (Finistère, an Fhrainc). Cuirfidh sé le soláthar leictreachais níos inbhuanaithe agus níos seasmhaí agus an t-aon nasc díreach fuinnimh idir Éire agus Ballstát den Aontas Eorpach á chur ar fáil aige. Tá an tionscadal á fhorbairt ag EirGrid, oibreoir an chórais aistriúcháin fuinnimh in Éirinn, agus a macasamhail sa Fhrainc, RTE (Réseau de Transport d'Électricité). Ceaptar go mbeidh sé críochnaithe in 2026.

San eagrán seo:



- Achoimre ar an Tionscadal
- Uasdátú Tionscadail
- Cad é atá ag Tarlú faoi Láthair
- Ciste Leasa an Phobail
- Uasdátú RTE (Réseau de Transport d'Électricité)
- Uimhreacha tábhachtacha an Tionscadail
- An Raibh a Fhios Agat

Uasdátú Tionscadail

Is gearr go gcuirfear críoch le hoibriúcháin chábla ar an talamh (trinseáil agus ductháil) do thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh le hais bhealach an chábla Srutha Ailtéarnaigh Ard-Voltais (SAAV), agus tús curtha le hoibriúcháin trinseála agus ducthála le taobh bhealach an chábla Srutha Dhíreach Ard-Voltais (SDAV). An chéad chéim sna hoibreacha bóthair is ea é seo agus ní mór bóithre áitiúla a dhúnadh ina leith. Mar chuid den dara céim déanfar cáblaí a tharraingt agus, sa deireadh, a shiúntáil sula dtiocfaidh deireadh iomlán leis na

hoibreacha go léir ar an mbóthar. Cuireadh tús leis an gcéad shuiteáil de chábla 400KV SAAV i mí Aibreáin freisin. B'in an chéad cheann i measc na 91 n-oibriúcháin suiteála cábla fuinnimh atá ag teastáil le bealach an chábla ar talamh atá 43km ar fad ar an taobh sin den tionscadal atá in Éirinn a chríochnú. Thosaigh criúnna cáblaíochta ag obair ar an taobh thiar i dtreo an oirthir ar bhóithre áitiúla, ón taobh sin den tionscadal a bhaineann le nascacht líonra, i dtreo chomhéadan an chábla fomhuireáin ag Trá an Chaisleáin Chria in Eochaill.





Rinneadh an t-imscrúdú seandálaíochta ar Thrá an Chaisleáin Chria i mí an Mhárta 2024.

Imscrúdú seandálaíochta

I mí an Mhárta, cuireadh imscrúdú seandálaíochta ar bun le hachar na bhfosuithe móna a thaiscéaladh agus lena bhfáil amach an raibh aon taisí seandálaíochta nó pailéithimpeallachta faoin talamh ag Trá an Chaisleáin Chria in Eochail. Seandálaithe ón Aonad um Sheandálaíocht Faoin Uisce agus ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta a rinne maoirseacht ar an mion-imscrúdú.

Baineadh samplaí ó dhá thrinse ar líne an chábla agus is iomaí sampla adhmaid a baineadh atá leis na speisialtóirí faoi láthair chun scrúdú breise a dhéanamh orthu. Rinneadh na hoibriúcháin seo chun eolas a dhéanamh d'imscrúdú seandálaíochta breise a d'fhéadfadh a bheith ag tarlú san fhómhair in 2024.

Cad é atá ag Tarlú faoi Láthair

Tá tús curtha leis an dara céim de cháblaí a leagan sna háiteanna ar an mbealach ina bhfuil an ductháil suite sa trinse cheana féin. Chuige sin ní mór an cábla a tharraingt trí shintí na ducthála isteach sa bhá shiúntála ina ndéanfar síneadh chábla amháin a nascadh nó a cheangal leis an gcéad cheann eile. Déantar an obair seo arís is arís eile le haon síneadh chábla leanúnach amháin a chruthú. Is saincheird speisialaithe é seo atá bunriachtanach don tionscadal iomlán. Mar gheall ar shrianta ar tháirgeadh agus ar iompar an chábla saincheaptha, ní tháirgtear ach cáblaí d'achar thart ar aon chiliméadar amháin, rud a chiallaíonn nach mór obair a dhéanamh le cáblaí a nascadh gach 1,000 meadar nó thart air sin.



Cuireadh tús le hoibriúcháin chun cábla a shuiteáil i mí Aibreán 2024, agus táthar ag leanúint ar aghaidh go sciobtha leo.

Bíonn tionchar ar an trácht ag tionscadal atá chomh mór seo. Leanaimid orainn

Suirbhéanna Mara

Tá Suirbhéanna Mara á ndéanamh ar an tionscadal faoi láthair idir cósta oirdheisceart na hÉireann agus cósta na Fraince. Is é príomhchonraitheoir an chábla Nexans atá á ndéanamh, le tacaíocht ó sheirbhís idirnáisiúnta eolaíochta mara agus tacaíochta tógála ar muir Next Geosolutions.

Tá na hoibriochtaí Suirbhé á ndéanamh laistigh de bhealach an chábla agus iad ag dul amach thart ar 50 méadar ar na dá thaobh de lár líne na cáblaí a beartaíodh. Thosaigh an ártach suirbhéireachta 'NG Worker' a cuid suirbhéanna mara, faoin 8 Bealtaine i ngar do chósta na hÉireann. Le gníomhaíochta an tsuirbhé mara

áirítear pUXO (ordanáis neamhphléasccha féideartha), suirbhéanna geofisiceacha laistigh de Chuan Eochaille roimh dó dul amach ón gcósta le haghaidh suirbhé geothicniciúil. Tá ár long a ghearrann cáblaí 'OoS' (as seirbhís) 'Detector' ag feidhmiú go maith agus dul chun cinn maith á dhéanamh aige in uiscí na Fraince sula dtéann sé in uiscí na Ríochta Aontaithe. Tá thart ar 50% de bhealach iomlán an chábla d'oibreacha OoS déanta ag an long. Feicfeadh cúpla long eile ag dul isteach san fhliú do na hoibreacha um réamhthrinse agus ghlanadh bollán atá beartaithe chun tosú in uiscí na hÉireann i lár an tsamhraidh ar mhaithe le dea-aimsire.



Ártach Suirbhéireachta Mara NG Worker', Bealtaine 2024.

Suíomh an stáisiúin tiontaire

Táthar ag leanúint ar aghaidh le hoibreacha tógála ag suíomh an stáisiúin tiontaire i mBaile Adaim, lasmuigh de Charraig Thuathail. Cuireadh tús go hoifigiúil le príomhoibreacha sibhialta a thosú le tochailt fhoirgneamh rialaithe an stáisiúin tiontaire. Tá conraitheoir innealtóireachta sibhialta, Wills Bros, ceaptha mar fhochoonraitheoir ag Siemens Energy leis an stáisiún tiontaire a thógáil. Go dtí seo, tá críoch curtha le tógáil ardán an stáisiúin tiontaire agus úsáid bainte as cloch, agus draenáil suite agus ábhair a faighte ón tochailt.

Go dtí seo, tógadh suíomh an stáisiúin tiontaire go leibhéal an ardáin le seirbhísí faoin talamh suite mar ullmhúchán do bhunleaca coincréite a bheidh á ndoirteadh.



Uasdátú ar Dhúnadh Bóthar

Trinseáil agus Duchtáil Críochnaithe

- ✓ **Cuid A:** Bóthar Fhostáisiún Chnoc Rátha L-6989 9
- ✓ **Cuid B:** : An Bóthar Nua L-2966 agus Baile na Cille L-7631 9
- ✓ **Cuid D:** Na Garráin Thuaidh L-7634 9
- ✓ **Cuid E:** Cnoc Bhun an Stó (L-3606) 9
- ✓ **Cuid J:** Bóthar Uimhir L-3610 Ghort an Chrú, ó R626 go hacomhal L-3613

Ag Dul ar Aghaidh


- **Cuid C*:** Bóthar Uimhir L-7634 go Crois Uí Éigearthaigh / Na Garráin Thuaidh. Tréimhse an cheadúnais: An Aoine an 1 Márta go dtí an Aoine an 31 Bealtaine.
- **Cuid F:** L-7639 – Bóthar Bhun an Stó chuig an acomhal ag L7640/ Bóthar Bhaile Adaim. Tréimhse an cheadúnais: An Máirt an 19 Márta go dtí an Aoine an 31 Bealtaine.
- **Cuid G:** L-7640 – Bóthar Bhaile Adaim chuig an acomhal ag L3617 – Bóthar an Charragáin Tréimhse an cheadúnais An Máirt an 6 Bealtaine go dtí an Aoine an 7 Meitheamh.
- **Cuid K:** L3613 ó Broomfield Ridge (Cumann Gailf Oirthear Chorcaí) go Baile Uí Spealáin Thiar Tréimhse an Cheadúnais An Luan an 13 Bealtaine go dtí an Aoine an 12 Iúil.

Le haghaidh níos mó eolais maidir le dúnadh bóthar téigh go www.eirgrid.ie/celticinterconnector

D'fhéadfai go mbeadh athrú i gceist le haon cheann de na dátaí.

Uasdátú RTE (Réseau de Transport d'Électricité)

Sa Fhrainc táthar ag dul chun cinn le hoibreacha ag an stáisiún tiontaire agus mar chuid de sin tá cur chuige éicidhearthóireachta le breis is 50% coinchréit ísealcharbóin agus breis is 60% cruach athchúrsáilte á n-úsáid. Cuireadh tús le hoibreacha le taobh bhealach an chábla ag tús mhí Aibreáin, agus roghnaíodh modh suiteála a laghdaíonn an méid coincréite atá ag teastáil, i gcomhréir leis an gcur chuige éicidhearthóireachta. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hoibreacha ullmhúcháin don chábla mara agus tá na duchtanna le cáblaí mara a chosaint á gcur le chéile agus aistrefar iad chuig an bpointe a thiocfar i dtír in Cleder, an Bhriotáin, níos déanaí sa mhí seo.



Oibreacha ag dul ar aghaidh ag fostáisiún La Martyre (Finistère).

An Idirnascaire Ceilteach i bhfócas

- Cuireadh ceardlann, arna héascú ag taighdeoirí MaREI ag Coláiste Ollscoile, Corcaigh, agus le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, ar bun i bPáras an mhí seo caite, chun tosaíochtaí a phlé agus a aithint i ndáil leis an inbhuanaitheacht, le deiseanna socheacnamaíocha, agus le an bhféidearthacht chun an Idirnascaire Ceilteach a úsáid i ndáil le malartú cultúrtha idir na pobail sa Bhriotáin agus i gCorcaigh.
- Arna óstáil dó ag Ambasáid na hÉireann, Páras, rinneadh plé sa cheardlann ar idirnascairí, agus tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh á thabhairt i bhfócas.
- Chomh maith leis sin, an mhí seo caite reáchtáil Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn ócáid, 'EU for Cork: Unlocking Opportunities for Cork' ('An tAontas Eorpach do Chorcaigh: Deiseanna a chur ar fáil do Chorcaigh'). Rinneadh plé ag an ócáid ar an tábhacht a ghabhann le maoiniú ón Aontas do


thionscadail i gCorcaigh, lena n-áirítear an t-idirnascaire Ceilteach, ar bronnadh €530.7 milliún i maoiniú SCE (an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa) air in 2019.

- Ag seimineár 'Celtic Interconnections: Generating and Consolidating Energies' ('Idirnaisc Cheilteacha: Fuinneamh a Tháirgeadh agus a Chomhdhlúthú') ag [Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath](#) níos luaithe an mhí seo, tháinig réimse saineolaithe na tionsclaíochta agus na hacadúlachta le chéile chun na naisc chumhachtacha idir Éire agus an Fhrainc a phlé. Agus é dírithe go príomha ar ábhair a bhaineann leis an bhfuinneamh, d'óstáil the National Centre for Franco-Irish Studies ('an tArd-Ionad um Staidéir Fhrancacha & Ghaelacha') an ócáid. Bhí réimse ábhar i gceist idir cheisteanna praiticiúla i ndáil leis an idirnascaire leictreachais agus an tábhacht a bhaineann le saoirse fuinnimh an Aontais a dheimhniú.

Ciste Sochair Pobail

Tar éis gur fógraíodh na hiarratasóirí ar éirigh leo i mBabhta 1 de Chiste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh i mí na Nollag 2023, cuireadh litir le tairiscint agus conradh chuig na 29 ngrúpa agus n-eagraíocht neamhbhrabúis. Tá neart tionscadal tosaithe anois agus tá na hiarratasóirí rathúla ag fáil tacaíochta ó chomhpháirtíocht SECAD le linn a n-aistir chur chun feidhme tionscadail.

Spreagtar iarratasóirí nár éirigh leo ina n-iarratas i mBabhta 1 chun dul i dteagmháil le SECAD agus tabharfar tacaíocht dóibh chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú i mBabhta 2, agus moltaí á dtabhairt chun cabhrú leo iarratas rathúil a dhéanamh.



Oifigeach Idirchaidrimh Pobail an Idirnascaire Cheiltigh Michell Walsh (lár) le Grace O'Sullivan Iarrthóir FPE Éire - An Deisceart (ar dheis) agus Noelle O'Connell, POF Ghluaiseacht na hEorpa - Éire ag ócáid 'EU for Cork: Unlocking Opportunities for Cork' an mhí seo caite.

Pictiúir ó thionscadail a fuair tacaíocht ó Chiste Sochair Pobail líne leictreachais Clashavoon Dhún Mánmhaí lena n-áirítear Ionad Acmhainní Teaghlach Dhún Mánmhaí, tionscadal Gairdíní Pobail & Bothán na bhFear, agus tionscadal Siúlbealach Cois Abhann Chomhlachas Tráchtála Dhún Mánmhaí.

Tionscadail Rathúla

Ciste Sochair an Phobail Babhta 1



Príomhghrúpa Pobail/ Eagraíocht	Teideal an Tionscadail	Méid bronnta
Comhairle Pobail Lios Cúil/Léim Lára	Siúlbealach taitneamhachta pobail i gCoill Léim Lára	€37,000.00
Club Spóirt na gCluichí Oilimpeacha Speisialta do Chumais Chorcaí Thoir	Láthair haca urláir agus cúil a cheannach don chlub.	€5,300.00
Ionad Pobail Chill Ia	Uasghrádú ar na soilse inmheánacha agus seachtracha agus uasghrádú ar an gcóras teasa láimhe san ionad pobail.	€4,428.00
Club Bláthanna agus Gairdín Charraig Thuathail	Costais reatha lena n-áirítear Árachas, costas ionaid agus cainteoirí.	€1,800.00
Club Gailf Dhá Mhaide an Chaisleáin Chria	Forbairt saoráidí ag Club Gailf Dhá Mhaide an Chaisleáin Chria.	€10,000.00
Club Leadóige Léana Eochaille	Tionscadal Iarfheistithe LED Tuilsoisithe do Chlub Leadóige Léana Eochaille.	€10,000.00
Cumann Tuismitheoirí Bhaile na Martra	Forbairt Chlós Súgartha Scoil Náisiúnta Bhaile na Martra.	€12,000.00
Club Sacair CP Mhaigh Dhíle	Siúlbealach gairbhéil an imill páirce agus soilsiú grianchumhachtaithe.	€4,347.00
Tionscnamh Acmhainne Teaghlaigh Eochaille de Barnardos	Costais chlár agus oiliúna éascaitheora don chlár um thuismitheoir agus páiste ag foghlaim le chéile de chuid PEEPS.	€1,184.00
Scoil Náisiúnta Chluain Pruachais	Gairdín na gcéadfaí a fhorbairt don scoil.	€5,000.00
Hall Spóirt Pobail Imogeela CTR	Saoráid spóirt dromchla uile-aimsire.	€30,000.00
Cumann Pobail Cheantar Chnoc Rátha CTR	Páirc Taitneamhachta Pobail Chnoc Rátha.	€125,000.00
Comhairle Pobail Bhaile na Martra	Bratiarratas do ghrúpaí pobail áitiúla.	€15,000.00
Comhairle Pobail Charraig Thuathail CLG	Forbairt inmheánach, chun spás urláir an tseomra gníomhaíochta atá ann a leathadh agus dhá sheomra nua thuas staighre do chruinnithe/do ghníomhaíochtaí a chruthú.	€125,000.00
CLG Chill Ia	Saoráidí spóirt atá ann a uasghrádú.	€30,000.00

Carraig Thuathail Aontaithe	Dromchla Imeartha Uile-Aimsire agus Siúlbealach Pobail Charraig Thuathail Aontaithe.	€30,000.00
Ceantar treoraithe Charraig Thuathail	Trealamh campála bhanóglaiigh Charraig Thuathail.	€4,600.00
Club CLG Mhainistir na Corann (Aonclub)	Conair Shiúil ag tailte nua CLG Mhainistir na Corann ag an bPáirc Theas, Mainistir na Corann.	€40,000.00
Comhairle Pobail Bhaile an tSóiteasaigh	Córas gréine PV agus cadhnra, seid stórála nua lena n-áirítear oibreacha sibhialta agus lomaire féir.	€23,200.00
Cumann Staire Charraig Thuathail & Cheantair Cultúrtha & Oidhreacht	Tionscadal thar ceann ár bPobail Áitiúil & ár nDiaspóra Idirnáisiúnta.	€5,205.00
Mol Mhainistir na Corann CLG	Tionscadal feistithe inmheánaigh chun spás urláir inúsáidte a dhúbailt.	€30,000.00
Bus Pobail Eochaille /Grúpa Iompair Pobail Eochaille	Feithicil leictreach 6 shuíochán atá in oiriúint do chathaoirí rothaí agus a bhfuil spás do chathaoirí rothaí aici a cheannach.	€70,000.00
Craobh Eochaille CCÉ	Tionscadal chun Ceolfhoireann Ceoil Tíre Óige Chorcaí Thoir a chruthú.	€27,000.00
Aonclub CLG Eochaille	Céim 1 d'Fhorbairt Saoráidí 2023 CLG Eochaille: Tuilsoilse LED Inbhuanaithe.	€30,000.00
Líonra Pobail Ghoirm agus Ghlais Eochaille Cumann Na Daoine	Tionscadail bhithéagsúlachta, phobail agus inbhuanaitheachta lena n-áirítear an tionscadal maidir le hathchóiriú Linn Pháirc Uí Chatháin.	€33,819.00
Club CLG Charraig Thuathail	Tionscadal Siúlbealaigh CLG Charraig Thuathail.	€40,000.00
Club Rugbaí Eochaille	Uasghrádú tuilsoilse chuig LED.	€30,000.00
Greywood Arts CLG	Cruthaitheacht a Mhádú: Forbairt Tionscnamh Oideachais Ealaíon Óige agus Acmhainní Digiteacha Cruthaitheacha i gCorcaigh Thoir.	€54,104.00
CLG Bhaile na Martra	Céim 1 de thionscadal forbartha saoráide spóirt.	€5,000.00
Céim 1 Airgead Bronnta san Iomlán		€838,987.00

Ócáid eolais maidir leis an gCábla

Cuirfear ócáid eolais maidir le cábla ar bun ar an

 **22 Bealtaine**
ag Ionad Pobail Chill Ia, idir 5pm - 8 pm

Leis an ócáid seo, cuirfear deis ar fáil do bhaill den phobal uasdátú a fháil maidir le dul chun cinn ar shuiteáil an chábla agus chun casadh le foirne EirGrid agus fhoichonraitheora.



An Raibh a Fhios Agat?

Tá an bhéim chéanna leagtha ar an dúlra maidir le planáil an idirnascaire Cheiltigh ag EirGrid agus bearta cosanta curtha i bhfeidhm cheana féin. Leis an obair atá ar bun ag suíomh an stáisiúin tiontaire táthar ag cinntiú go leanfaidh féarthailte agus coillearnacha ar aghaidh ag feidhmiú don bhitheagsúlacht, chomh maith le radharcanna deasa a sholáthar.

Tá an fhoireann ag obair go gníomhach chun cur chuige 'féar glas' a chur chun cinn,


i gcomhairle le speisialtóirí bithéagsúlachta chun cinntiú go ndéantar fásra a athchóiriú le speicis ón gceantar áitiúil. Cur chuige céimnitheach um athchóiriú fásra is ea 'féar glas', nuair a dhéantar féar lán le speicis ón gceantar áitiúil a scaipeadh ar an áit atá le hathchóiriú, agus síolta, na bláthanna fiáin agus na féara á gcothabháil ón gceantar.

Uimhreacha tábhachtacha an Tionscadail

48 – líon na ndrúma cábla srutha ailtéarnaigh ard-voltais arna dtabhairt isteach ón muir go calafort Chorcaí i mí Eanáir an bhliain seo caite. Tá an cábla saincheaptha seo le suiteáil sa bhóthar ó iarthar go hoirthear ó fhostáisiún Chnoc Rátha.

23 – líon gléasra agus innealra atá á mbainistiú ag Siemens Energy ag suíomh an stáisiúin tiontaire i mBaile Adaim, agus gradam domhanda sábháilteachta Siemens Energy buaite ag an tionscadal le gairid as Sábháilteacht Gléasra agus Feithicle.

An Raibh a Fhios Agat?

 Is é príomhchonraitheoir Nexans a mhonaróidh an cábla fomhuireáin do thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, i dtúr atá 152.89 méadar in airde. Is é an foirgneamh is airde san Iorua é an túr agus an chéad ilstórach spéire sa tír.

Idirnascaire Ceilteach Bealach Cábla



Ionadaithe Nexans agus EirGrid ar bharr thúr inslithe XLPE ag áis monaraíochta cábla fomhuireáin Nexans in Halden, an Iorua

Amlíne Tionscadail 2024

2024



Suirbhéanna Mara.

Ag leanúint ar aghaidh le hoibreacha trinseála agus ductála i ndáil le cáblaí talaimh SAAV agus SDAV.

Tús le suiteáil agus nascadh cáblaí talaimh SAAV agus SDAV.

Dul chun cinn ar shuiteálacha stáisiúin tiontaire.

2025



Tús le suiteáil cábla mara amach ón gcósta.

Críoch le suiteáil agus nascadh cáblaí talaimh SAAV agus SDAV.

Foirgnimh stáisiúin tiontaire críochnaithe.

2026



Críoch le suiteáil cábla mara amach ón gcósta. Feachtas chosanta cábla fomhuireáin. Tástálacha coimisiúnaithe.

Tástálacha córais idirnascaire.

Tús le triail-tréimhse feidhmiúcháin.

Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn

In EirGrid, táimid tiomanta do chomhairliúchán le pobail ag gach céim d'fhorbairt an tionscadail. Agus muid ag dul chun cinn le hoibreacha tógála ar Thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, leanfaimid ar aghaidh ag cur nuashonruithe rialta ar fáil i ndáil le hobair tógála, tionchair agus iarrachtaí aistrithe.

Fáilte roimh Jean O'Donovan, atá tagtha i bpáirt le Sorensen mar Oifigeach

Idirchaidrimh ar thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh i dtaca le príomhchonraitheoir Nexans.



Michelle Walsh

Oifigeach Idirchaidrimh
Pobail EirGrid
085 870 4999



Jean O'Donovan

Oifigeach Idirchaidrimh EirGrid
086 032 6171



Scan anseo chun a bheith cothrom le dáta maidir le dul chun cinn an tionscadail www.eirgrid.ie/celticinterconnector

Le clárú d'uasdátú tionscadail trí ríomhphost liostáil ag celticinterconnector@eirgrid.com

Is féidir díchlárú ó uasdátaí ag uair ar bith trí ríomhphost a chur celticinterconnector@eirgrid.com

Uasdátú Téacs

Más mian leat Uasdátú Téacs a fháil maidir le bóithre a bheidh dúnta, cláraigh d'ár seirbhís Téacs **SAOR IN AISCE** trí théacs a chur chuig **50015**.



Uasdátú Ríomhphoist

Más mian leat Uasdátú Ríomhphoist a fháil maidir le dúnadh bóthar cuir ríomhphost le do thoil celticinterconnector@sorensen.ie



Co-financed by the Connecting Europe Facility of the European Union

